Sligo County Enterprise Board

Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo.
Ionad Forbartha Shligigh
Bóthar Cleveragh
Sligeach

Teil: 071 9144779 Faics: 071 9146793

r-phost: info@sligoenterprise.ie
suíomh idirlín: www.sligoenterprise.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS

CLÁR na nÁBHAR

Tuarascáil an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Cairt Chustaiméirí	5
Riarachán agus Struchtúr an Bhoird	6
Beart 1 – Idirghabháil Roghnaíoch Airgeadais	8
Beart 2 – Forbairt na Fiontraíochta & na hInniúlachta	9
Deontais a Íocadh in 2008	12
Cuntais Bhliantúla /Ráitis Airgeadais	16

Tuarascáil an Chathaoirligh

Is mór an t-údar áthais dom mar Chathaoirleach Bhord Fiontar Chontae Shligigh, an tAthbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí 2008 a chur i láthair, an dara Athbhreithniú Bliantúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Faoi Ais Tosaíochta 1: Nuáil, Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide agus Gheilleagar an Eolais de Chlár Oibriúcháin na Teorainne, Lár na Tíre agus an Iarthair 2007-2013, seachadadh gníomhaíochtaí an Bhoird faoi dhá phríomh-cheannteideal, Idirghabhálacha Roghnaíocha Airgeadais (Beart 1) agus Forbairt na Fiontraíochta & na hInniúlachta (Beart 2). Is féidir mionsonraí ar ghníomhaíochtaí an Bhoird faoin dá bheart seo a aimsiú i gcorp an athbhreithnithe seo.

Cosúil leis na blianta roimhe seo den Phlean Forbartha Náisiúnta, bliain ghnóthach rathúil ab ea í 2008 do Bhord Fiontar Chontae Shligigh. Chonacthas chomh maith i rith na bliana gur tháinig tús le ré lenar bhain níos mó neamhchinnteacht ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta do Shligeach agus don tír ar fad. Tá súil ó chroí agam go leanfaidh an Rialtas ar aghaidh le hobair an Bhoird Fiontar Contae i Sligeach a aithint agus go bhfanfaidh an Rialtas chomh tugtha d'fhorbairt na hearnála micreaghnó is a bhí go dtí seo. Soláthraíonn an earnáil mhicreaghnó an-chuid fostaíochta i gContae Shligigh, faoi mar a dhéanann ar fud na tíre, agus tá sé fíorthábhachtach ar fad go leanann Bord Fiontar Chontae Shligigh ar aghaidh le bheith ag fáil na n-acmhainní atá ag teastáil uaidh chun éascú le micreaghnónna a bhunú, le hinbhuanaitheacht mhicreaghnónna agus le hiad a leathnú le linn na tréimhse deacra atá amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhFoireann agus le Stiúrthóirí an Bhoird araon as a gcuid dianoibre i rith 2008. Tá buíochas ar leith tuillte do chomhaltaí ár gCoiste Mheastóireachta freisin, a bhfuil cuid mhór dá gcuid ama agus tiomantais tugtha acu le gach tionscadal a cuireadh isteach le haghaidh cúnaimh, a bhreithniú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl le gach ceann de na gníomhaireachtaí eile a d'oibrigh go dlúth leis an mBord leis an bhfiontraíocht agus cruthú na fostaíochta a chur chun cinn i gContae Shligigh.

_____

Declan Lavin
Cathaoirleach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Bord maoiniúchán ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa agus ón státchiste faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 le haghaidh cúnaimh airgeadais dírigh i bhfoirm cúnaimh dheontais, cúnaimh deontais agus chothromais in-aisíoctha chomh maith le maoiniúchán leis an bhfiontraíocht a fhorbairt lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus comhairle. Fuarthas leithdháileadh speisialta i leith an Chláir *Tech Check*, clár faoina n-éascaítear le gnónna a gcórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a scrúdú agus le moltaí a fháil ó dhaoine gairmiúla i gceird na TFC maidir le feabhsúcháin. D'oibrigh an Bord go dlúth freisin le gníomhaireachtaí amhail *Border Action* agus Comhlacht an AE um Chláir Speisialta agus is mór ag an mBord an cúnamh a sholáthair siad i gcaitheamh na bliana.

Faoi dheireadh 2008 bhí thart ar 802 bpost lánaimseartha agus 377 phost pháirt-aimseartha ann ar cabhraíodh leo trí chúnamh airgeadais díreach ón mBord. Ní chuirtear san áireamh sna figiúirí seo poist bhreise a buanaíodh agus a cruthaíodh tríd an iliomad meicníochtaí oiliúna, meantóireachta agus tacaíochta eile a fheidhmíonn an Bord nó trí chláir éagsúla thrasteorann a bhfuil lámh ag an mBord iontu.

Lean an Bord ar aghaidh le bheith ag obair go dlúth le Boird eile ar roinnt saincheisteanna réigiúnacha. Lean an Bord seo ar aghaidh le bheith ag obair le Bord Fiontar Liatroma ach go háirithe ar an gClár Trasdula Gnó, arna mhaoiniú faoin gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas. Faoin gclár sin, cabhraíodh le gnónna áitiúla i Sligeach agus Liatroim, idir go díreach agus trí idirchaidreamh le Coláiste na hÓmaí agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh chun taighde mac léinn a sholáthar thar ceann gnónna sa dá limistéar. Reáchtáladh imeachtaí gnó trasteorann mar chuid den chlár freisin lena n-áirítear imeacht "*Buail leis an gCeannaitheoir"* a réachtáladh in Inis Ceithleann agus ar ar fhreastail 120 gnó. Is oth linn gur tháinig deireadh leis an gclár seo i rith na bliana agus nach dócha go mbeidh an Bord incháilithe le haghaidh tuilleadh maoiniúcháin faoi bhabhta nua an mhaoiniúcháin faoin gClár um Shíocháin.

Lean an Bord ar aghaidh le bheith ag forfheidhmiú chlár trasteorann "*Mná i mbun Gnó*" arna mhaoiniú tríd an gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas freisin go dtí mí Lúnasa (nuair a tháinig deireadh le maoiniúchán) agus leanadh ar aghaidh leis an gclár ar bhonn áitiúil le maoiniúchán lárnach ó acmhainní an Bhoird féin don chuid eile den bhliain. Bhí an maoiniúchán a cuireadh ar fáil tríd an gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas fíorluachmhar ar fad ó thaobh an fhiontraíocht a thabhairt ar aghaidh i measc na mban sa Chontae i gcaitheamh na mblianta agus ó thaobh nascálacha trasteorann a chur chun cinn. Ar an drochuair, ní bheidh maoiniúchán den sórt sin ar fáil a thuilleadh.

Lean an Bord ar aghaidh freisin lena rannpháirtíocht sa Clár Micrea-Thrádála, a gcuirtear cliaint gach Bord in aithne do chliaint Ghníomhaireachtaí Fiontar Áitiúla mar chuid de chun gréasánú lena chéile agus gnó a dhéanamh.

Ghlac an Bord páirt in obair le tuilleadh maoiniúcháin a lorg trí chomhiarratas ar Chlár *Tradelinks* breise, a bhaineann leis na sé Bhord uile cois na Teorann agus le gach Gníomhaireacht Fiontar Áitiúil sa Tuaisceart. Má éiríonn leis an iarratas ar chlár breise, samhlaítear go mbeidh an dá chontae dhéag ar fad cois na Teorann páirteach i raon idirghabhálacha a bhaineann lenár ngnónna a bhreisiú, agus leis an trádáil, nuáil agus easpórtáil bhreisithe trasteorann.

Lean an Bord ar aghaidh lena chuid oibre ar thograí a forbraíodh don bhabhta nua de mhaoiniúchán *Interreg*, a rabhthas ag súil leis a bheith ar fáil in 2008 agus d'oibrigh an Bord go dlúth le comhghleacaithe laistigh de Réigiún *ICBAN* ach go háirithe. Ar an drochuair, níor tháinig maoiniúchán

tríd i rith 2008 ach is cosúil go bhfuil seans láidir ann go n-éireoidh le tograí a bhfuil lámh ag an mBord seo iontu.

Tá áthas orm a thuairisciú gur tugadh scéim phinsin na hearnála poiblí isteach don fhoireann i rith na bliana. Tugadh an scéim isteach tar éis an-chuid idirbheartaíochta agus cabhróidh sí le téarmaí agus coinníollacha a sholáthar don fhoireann a bheidh ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha atá ag a gcomhghleacaithe eile san earnáil phoiblí.

Lean an Bord ar aghaidh le ról iomlán a imirt i meithleacha éagsúla agus le bheith ag comhoibriú agus ag comhordú in éineacht le gníomhaireachtaí eile. San áireamh sna gníomhaireachtaí seo tá: Fiontraíocht Éireann, FÁS, Bord Forbartha Chontae Shligigh, Comhairle Chontae Shligigh, Cuideachta Chomhpháirtíocht *Leader* Shligigh, Ciste Fiontar Chontae Shligigh, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus, ar ndóigh, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Cuireann an Roinn sin maoiniúchán i dtreo na mBord, trí aonad tacaíochta do Bhoird a bunaíodh i bhFiontraíocht Éireann, agus cineann sí na beartais faoina bhfeidhmíonn siad. Ar an rud is tábhachtaí, lean an Bord ar aghaidh lena chuid tréaniarrachtaí le riachtanais a chuid cliant a chomhlíonadh, idir iad siúd a bhí aige cheana féin agus chliaint nua agus, inter alia, ghlac an Bord páirt i gcruinnithe agus in imeachtaí eile a bhain le grúpaí pobail, scoileanna éagsúla, institiúidí tríú leibhéal, srl.

Is trua go ndeachaigh an cor chun donais ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta i bhfeidhm ar ár gcliaint i rith na bliana, go háirithe sa leath deiridh den bhliain. D'fhreagair an Bord don chor sin le roinnt clár atá dírithe ar a bheith ag cabhrú lenár gcliaint le linn thréimhse an mheathlaithe eacnamaíochta. Samhlaím go dtiocfaidh méadú ar an éileamh a bheidh ar chláir den sórt sin, agus ar an gcúnamh meantóireachta chomh maith, i rith na tréimhse atá amach romhainn. Thairis sin, trí Líonra na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, moladh go ndéanfaí athchóiriú cuimsitheach ar ionstraimí airgeadais reatha na mBord agus cuireadh sin faoi bhráid na gcomhlachtaí cuí lena bhreithniú.

Faoi dheireadh, cuirim mo buíochas leis an gCathaoirleach ar an taifead chomh maith le mo bhuíochas le comhaltaí Bhord Fiontar Chontae Shligigh, lena Choiste Meastóireachta agus le foireann an Bhoird as ucht a gcuid tacaíochta agus as mé a spreagadh i rith 2008.

_____

John Reilly
Príomhfheidhmeannach

Cairt Chustaiméirí

Is é cuspóir Bhord Fiontar Chontae Shligigh ná na dualgais agus feidhmeanna a chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de chúram air a chomhlíonadh agus de réir an Chomhaontaithe Oibriúcháin arna shíniú idir an Bord Fiontar Contae agus an tAire Trádála, Fiontar agus Fostaíochta, ar bhealach éifeachtúil gairmiúil.

An "Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit" a rialaíonn an Bord Fiontar Contae, cód a chinntíonn go dtabharfar sársheirbhís do chustaiméirí an BFC agus don phobal i gcoitinne, go ndéanfar cinntí go cothrom gan chlaonadh, go n-oibreoidh foireann an BFC de réir an chaighdeáin is airde ó thaobh na heitice gnó agus cinntíonn an cód nach lagóidh aon ghníomhartha dá ndéanfaidh foireann an BFC muinín an phobail i macántacht an BFC riamh.

Baineann an Cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, baill an Choiste Mheastóireachta agus fostaithe an Bhoird. Nuair a bheidh tú ag plé leis an mBord, féachfaidh baill foirne lena chinntiú go mbeidh tú ar an eolas go hiomlán faoi na seirbhísí agus na tacaí ar fad agus go n-éascófar leat teacht ar na seirbhísí agus tacaí seo i gceart.

Cúirtéis agus Cúntacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis:

- go bpléifidh an fhoireann leat ar bhealach cúirtéiseach cabhrach ag gach tráth;
- go dtabharfar duit ainm an bhaill foirne a bhfuil tú ag plé leis;
- go dtreorófar thú ar aghaidh chuig an mball cuí den fhoireann atá ag plé le d'fhiosrúchán.

Faisnéis
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go dtabharfar faisnéis iomlán agus cruinn i bhfocail shimplí duit i ndáil le haon fhiosrúchán ábhartha a d'fhéadfá tarraingt anuas.

Éifeachtúlacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go bpléifear le d'fhiosrúchán ar bhealach gasta éifeachtúil, agus an gá á aithint le haon chostas a chaithfeá tarraingt ort féin b'fhéidir a choinneáil a ísle agus is féidir.

Príobháideachas agus Rúndacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go soláthrófar gach faisnéis, idir phearsanta agus maidir le cúrsaí gnó, duit faoi rún iomlán.

Cás a Chur ina Cheart
Is féidir leat a bheith ag súil, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis i ndáil le haon ghearán dlisteanach maidir le :

- riaradh neamhchuí na bhfeidhmeanna a cuireadh de chúram ar an mBord seo; nó
- an bealach inar próiseáladh fiosrúchán;

go bpléifear leis an ngearán sin go gasta tuisceanach agus de réir Nósanna Imeachta an Bhoird maidir le Cúram agus Gearáin na gCliant. Ní ghabhann dochar leis na nósanna imeachta seo do ghnáthchearta an duine sa dlí nó d'aon chórais athbhreithnithe neamhspleáigh a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm.

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird

Cúlra
An tAire Fiontar agus Fostaíochta, mar a bhí an tráth sin, a bhunaigh Bord Fiontar Chontae Shligigh in 1993 leis an aidhm is go líonfaí bearna a bhí le feiceáil sna seirbhísí tacaíochta d'fhiontair áitiúla.

Tá an Bord ina chuid de líonra de Bhoird Fiontar Cathrach agus Contae a chuimsíonn an tír ar fad. Is é ról an Bhoird ná tacaíocht a sholáthar do thionsncóirí mionghnónna i bhfoirm chúnaimh deontais, ó thaobh scileanna bainistíochta cuideachta a fhorbairt agus comhairle, oiliúint, meantóireacht, comhairleoireacht agus faisnéis eile a sholáthar, chomh maith le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae.

Oibríonn Bord Fiontar Chontae Shligigh go dlúth le Comhairle Contae Shligigh agus Bardas Shligigh chomh maith le gníomhaireachtaí reachtúla agus forbartha áitiúla le haird a dhíriú ar an méid a d'fhéadfadh Contae Shligigh a bhaint amach ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, agus ar bhonneagar Chontae Shligigh chomh maith. Is ionann gach Bord Fiontar Chontae agus comhpháirtíocht idir gnónna áitiúla, grúpaí deonacha, na comhpháirtithe sóisialta (lena n-áirítear comhlachtaí gnó agus ceardchumainn), na gníomhaireachtaí stáit agus ionadaithe tofa áitiúla.

Comhlánaíonn Tionscnamh Fiontar an Chontae clár ar nós *LEADER* agus na Cuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantair a oibríonn i limistéir ainmnithe atá faoi mhíbhuntáiste. Is é a bhunús ná aicsean comhordaithe chun cabhrú le mionghnónna a laigeachtaí ó thaobh cúrsaí stuchtúracha a shárú.

Tá Bord Fiontar Shligigh lonnaithe ag Ionad Forbartha Shligigh, pointe aonteagmhála don fhorbairt áitiúil.

Feidhm
Is é ról an Bhoird ná tacaíocht a sholáthar do thionsncóirí mionghnónna i bhfoirm chúnaimh deontais, ó thaobh scileanna bainistíochta cuideachta a fhorbairt agus comhairle, oiliúint, meantóireacht, comhairleoireacht agus faisnéis eile a sholáthar, chomh maith le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae.

Foireann an Bhoird

Bhí foireann BFC Shligigh i rith 2008 comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

Príomhfheidhmeannach:	John Reilly
Príomhfheidhmeannach Cúnta:	Liam Kiely
Feidhmeannach Gnó:	Stephen Walshe
Riarthóir:	Mary Burns
Oifigeach Cléireachais:	Geraldine Healy (go lár na bliana)

<u>Comhaltaí Boird</u>

Comhairle Áitiúil

Comhairleoir Albert Higgins	Comhairle Contae Shligigh
Comhairleoir Jude Devins	Comhairle Contae Shligigh
Comhairleoir Declan Bree	Comhairle Contae Shligigh
Comhairleoir Ita Fox	Comhairle Contae Shligigh

Gníomhaireachtaí Stáit

Dorothy Clarke, Uas.	Stiúrthóir Pobail & Fiontar (go dtí Meitheamh 2008)
Rita Mc Nulty, Uas.	Stiúrthóir Pobail & Fiontar (ó Mheitheamh 2008)
Carole Brenan, Uas.	Fiontraíocht Éireann
An tUas. Michael McGlynn	FÁS
Sile Haran, Uas	Fóram um Shligeach a Mhargú

Comhpháirtithe Sóisialta

An tUas. Michael Farrell	Cumann Eagrais na gComharchumann in Éirinn
An tUas. Tom Kenny	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann/ Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
An tUas. Declan Lavin	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann/Macra na Feirme
An tUas. Francis Brannigan	Comhdháil Cheardchumann na hÉireann

Ginearálta

Comhairleoir Gerard Mullaney	Cuideachta Chomhpháirtíocht *LEADER* Shligigh
An tUas. Padraig Branley	Earnáil Phríobháideach

Coiste Meastóireachta

Brian Kelly	Comharchumann Fheirmeoirí Chonnacht Thuaidh
Jill Timoney	Banc na hÉireann (go dtí Samhain 2008)
Bernard Waldron	Banc na hÉireann (ó Shamhain 2008)
Billy Somerville	An Earnáil Phríobháideach
Meabh Conaghan	Fiontraíocht Éireann (go dtí Aibreán 2008)
Gerard O'Brien	Fiontraíocht Éireann (ó Aibreán 2008)
Seamus Concannon	Comhairle Chontae Shligigh (go dtí Meitheamh 2008)
Tom Kilfeather	Comhairle Chontae Shligigh (ó Mheitheamh 2008)
Michael Quigley	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Shligigh

Beart 1 – Idirghabháil Roghnaíoch Airgeadais

Deontas Caipitil

Is éard is Deontas Caipitil ann ná ranníocaíocht airgeadais i dtreo an chostais le mír chaipitil a cheannach. D'fhéadfadh sciar de chúnamh in-aisíoctha a bheith san áireamh i gcúnamh Deontais Chaipitil. Tá an ráta mar seo a leanas - 50% den infheistíocht chaipitil, agus is é an t-uasdeontas caipitil atá ar fáil ná €75,000.

Deontas Fostaíochta

Is éard is Deontas Fostaíochta ann ná ranníocaíocht airgeadais i dtreo is go gcruthófar post nua i ngnó. Ranníocaíocht aonuaire is ea an deontas i dtreo costais tuarastail fhostaí sa chéad bhliain. D'fhéadfadh sciar de chúnamh in-aisíoctha a bheith san áireamh i gcúnamh Deontais Fhostaíochta. Is é an ráta ná suim chomh mór le €7,500 i dtreo costais phoist nua lánaimseartha.

Deontas Indéantachta

Is éard is Deontas le haghaidh Staidéir Indéantachta / Cúnaimh Theicniúil ann ná ranníocaíocht airgeadais i dtreo an chostais le himscrúdú a dhéanamh ar a inmharthanaí is a bheidh smaoineamh le haghaidh gnó a d'fhéadfaí a thosú. Tá an ráta mar seo a leanas – 60% den chostas le tabhairt faoin staidéar agus is é an t-uasdeontas atá ar fáil ná €6,350.

Scaireanna Tosaíochta/Gnáthscaireanna

D'fhéadfadh an Bord cúnamh a sholáthar i bhfoirm infheistíochta i Scaireanna Tosaíochta nó Ghnáthscaireanna freisin.

Ceadaíodh deontas do sheacht thionscadal is tríocha in 2008 agus ba é iomlán na suimeanna a ceadaíodh ná €485,999 agus leithdháileadh €141,649 de sin mar Chúnamh In-aisíoctha. Den chúnamh neamh-in-aisíoctha, cúnamh Deontais Chaipitil ab ea €195,746 de, ceadaíodh €101,580 mar chúnamh Deontais Fhostaíochta agus ceadaíodh €47,024 mar Chúnamh le haghaidh Staidéar Indéantachta.

Ba é suim iomlán an chaiteachais iarbhír ná €348,565 ar Cúnamh caipitil €143,387 de sin, Cúnamh fostaíochta €61,800 de, Cúnamh le haghaidh Staidéir Indéantachta €47,407 de agus Cúnamh In-Aisíoctha €95,971 de. Gealltanais an Bhoird maidir le deontais ag deireadh na bliana ná €181,716.

Beart 2 – Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta

Tá an beart um Fhorbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta ceaptha chun na scileanna agus an fhaisnéis atá riachtanach le cabhrú le mionghnónna agus iad ag fás agus ag forbairt, a sholáthar dóibh. Forálann sé le haghaidh gníomhartha a chabhraíonn le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae freisin.

D'infheistigh an Bord €268,310 san iomlán faoina Bheart um Fhorbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta in 2008. Cuimsíonn na gníomhartha faoin mbeart seo cláir oiliúna i scileanna gnó maidir le raon de shaincheisteanna éagsúla gnó, idirghabhálacha meantóireachta agus forbartha bainisteoirí, seimineáir agus aontaí trádála, cláir scoileanna agus gréasánú.

Tá samplaí de roinnt de na gníomhaíochtaí ar thug an Bord futhu in 2008 mar seo a leanas:

Gníomhaíochtaí Fiontraíochta a Chur Chun Cinn

Leanann an Bord ar aghaidh le bheith ag cur na fiontraíochta chun cinn ar fud an Chontae. Baineadh seo amach in 2008 le hailt agus fógráin mhíosúla sna meáin chumarsáide áitiúla, agallaimh agus fógráin ar an raidió agus rannpháirtíocht in imeachtaí áitiúla faisnéise.

Gradaim Fiontraíochta do Dhaltaí

I dtréimhse na bliana 2008, ghlac breis is 120 dalta ó 8 scoil dara leibhéal i gContae Shligigh páirt i gClár na nGradam Fiontraíochta do Dhaltaí de chuid Bhord Fiontar Shligigh. Chuaigh daltaí ó Scoil Ghramadaí Shligigh, ó Choláiste na Corainne, Baile an Mhóta agus ó Choláiste Mhuire, Baile an Mhóta ar aghaidh leis an bhfód a sheasamh ar son a Scoile agus a gContae ar an leibhéal Sóisearach (1^{ú} Bliain), ar an Meánleibheál (2^{ú} & 3^{ú} bliain) agus an leibhéal Sinsearach (4^{ú} bliain agus os a chionn) faoi seach sa bhabhta Ceannais Náisiúnta de na Gradaim Fiontraíochta do Dhaltaí, a reáchtáladh ar an Tulach Mhór i mí na Bealtaine, 2008.

Cláir um Fhorbairt Scileanna Gnó

Tá sraith de chláir/cheardlanna oiliúna i gceist leis an gClár um Fhorbairt Scileanna Gnó, maidir le raon topaicí le haghaidh gnónna atá ag tosú amach agus dóibh siúd atá ann cheana féin araon. Reáchtáiltear tionscnaimh i gcaitheamh na bliana agus bíonn idir cheardlanna aon lae agus chláir níos faide i gceist leo, a reáchtáiltear i gcaitheamh sraith seachtainí agus míonna.

Do dhaoine atá ag tnúthán le bheith ina bhfiontraithe, reáchtáil an Bord ceithre Chlár 'Cuirt Tús le do Ghnó Féin' i rith 2008, agus cuireadh 'Bunchlár um Leabharchoimeád agus um Chánachas' ar fáil i ndiaidh gach ceann, clár lena dtaispeántar d'fhiontraithe conas bunchóras leabharchoimeádta a bhunú, conas clárú le haghaidh Cánach agus Cánach Breisluacha, agus cén freagrachtaí atá orthu maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Reáchtáil an Bord roinnt Clár a bhaineann le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise freisin. Is é aidhm an Chláir '*SAGE Line 50*' ná a chinntiú go mbíonn lucht úsáide *SAGE* ag feabhsú a gcuid scileanna maidir le pacáiste seo na gcuntas ríomhairithe, agus cinntítear leis an gClár 'Córais Faisnéis Bainistíochta' go mbíonn gach Gnó a bhaineann úsáid as clár cuntas ríomhairithe ag baint an oiread úsáide as agus is féidir dá ngnó. Cinntíodh leis an gclár 'Margaíocht ar an Idirlíon a Bharrfheabhsú' go raibh rannpháirtithe ag fáil na dtorthaí ab fhearr ab fhéidir ón suíomh idirlín ghnó dá gcuid.

Reáchtálann an Bord Cláir freisin atá deartha chun cabhrú le gnónna Reachtaíocht a chomhlíonadh. Cabhraíonn an clár 'Ráiteas Sábháilteachta' le gnónna Ráiteas Sábháilteachta a bheidh cothrom le dáta, a fhorbairt agus a chur i ngníomh, agus cuireann an Clár 'Acmhainní Daonna & Dea-Chleachtais Fhostaíochta' ar chumas rannpháirtithe a chinntiú go gcomhlíonfaidh a gcóras Acmhainní Daonna Reachtaíocht reatha maidir le Fostaíocht.

Cruthaíodh go raibh an-tóir ar Chlár 'Díolacháin & Margaíocht' freisin. I gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh, d'eagraigh an Bord sraith Cheardlann ghearr, idir cheardlanna leathlae agus cheardlanna lánlae. Sna ceardlanna seo, tugadh aghaidh ar scileanna ginearálta gnó agus bhí ceann amháin dar teideal 'Conas Íocaíocht a Fháil' san áireamh, a thug an Institiúid um Bainistiú Creidmheasa, chomh maith le Ceardlann maidir le Scileanna Láithreoireachta, Ceardlann maidir le Bainistiú Ama, agus Ceardlann a bhí dírithe ar phoiblíocht ar chostas íseal a chruthú do ghnónna, dar teideal 'Margaíocht ar Phinginí Beaga'. Freastalaíodh ar riachtanais na ndaoine sin a bhí ag iarraidh nuáil a dhéanamh laistigh dá ngnónna tríd an gclár 'An Nuáil seachas Dul chun Marbhántachta' agus tríd an gceardlann maidir le Táirgí Nua a Fhorbairt; agus d'fhreastail iad siúd ar mhian leo a scileanna a fheabhsú sa réimse ó thaobh a bheith ag cur tairiscintí isteach le haghaidh gnó ar an gceardlann 'Tairiscintí Straitéiseacha Rathúla'.

Líonadh breis is 235 áit ar chláir oiliúna éagsúla i rith na bliana.

Seimineáir

Tugadh dhá sheimineáir mhóra i rith na bliana. Thug an Bord seimineár dar teideal 'An Saincheadúnú…..gach eolas dá bhfuil riachtanach' i gcomhar le Cumann Saincheadúnais na hÉireann, agus bhreathnaigh na daoine sin a d'fhreastail ar an seimineár '*CSR4U*' ar an réimse ó thaobh Fhreagracht Shóisialta na gCorparáidí, agus thug an Bord an seimineár sin i gcomhar le Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann. D'fhreastail beagnach 60 gnó ar na seimineáir seo.

Showcase

Chabhraigh an Bord le 5 gnó cheardaíochta le freastal ar *Showcase*, an t-ardaonach trádála don earnáil Cheardaíochta in Éirinn. Bíonn an tAonach ina dheis mhór do ghnónna ceardaíochta a gcuid táirgí a chur chun cinn, agus ceannaitheoirí as breis is 30 tír ag freastal air. Rinne Bord Fiontar Chontae Shligigh urraíocht ar sheastán ag an imeacht agus bhí éagsúlacht mhór de tháirgí ceardaíochta ar taispeáint de lena n-áirítear Seodra Lámhdhéanta, Ceirmeacht, Potaireacht agus Obair Iarainn. Reáchtáladh an tAonach in ionad Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2008.

Meantóireacht

Soláthraíonn Clár Meantóra Bhord Fiontar Chontae Shligigh tacaíocht duine-le-duine do ghnónna agus d'fhiontair áirithe phobail chun cabhrú leo cuspóirí sonracha a bhaint amach, leas a bhaint as deiseanna ar leith agus fadhbanna ina gcuid oibriúcháin ghnó a réiteach.

Éiríonn go maith leis an gclár agus tarlaíonn sé sin de bharr na n-idirghabhálacha spriocdhírithe agus an fhreagrúlacht agus an tsolúbthacht a bhaineann leis. Tá painéal de shainchomhairleoirí gnó ag an mBord a bhfuil idir shainchumas ginearálta gnó agus eolas speisialaithe gnó acu i réimsí a bhaineann go díreach le gnónna. Sannadh meantóirí chun obair a dhéanamh i raon réimsí difriúla amhail forbairt an ghnó, díolacháin a fhorbairt, margaíocht, cúrsaí airgeadais a struchtúrú agus a bhainistiú, costáil &

buiséadú, r-ghnó a fhorbairt, comhairle maidir le paitinní agus a bheith ag cur isteach orthu, acmhainní daonna a fhorbairt, srl.

Bhain 46 mhionghnó i gCo. Shligigh leas as Clár Meantóireachta an Bhoird i rith 2008.

Tacaíocht Oiliúna Seachtraí/Tacaíocht le Margadh a Fhorbairt

Soláthraíodh Tacaíocht Oiliúna Seachtraí do 11 ghnó agus tugadh cúnamh i bhfoirm Tacaíochta le Margadh a Fhorbairt do 8 ngnó.

Tionscnaimh Eile

'Tech-Check'

Ba é aidhm an Chláir náisiúnta '*Tech-Check'* ná a chinntiú go bhfuil gnónna ag baint leas iomlán as acmhainneacht na Teicneolaíochta Faisnéise chun feidhmíocht a ngnónna a fheabhsú. Faoin gclár, fuair 15 ghnó áitiúla tacaíocht duine-le-duine ó shainsoláthraí TF.

Gréasán *Mná i mBun Gnó* Shligigh

Bhí naoi gcruinniú ag Clár *Mná i mBun Gnó* i rith na bliana. Reáchtáladh comhdháil ghnó amháin i mí na Bealtaine, agus tugadh dhá cheardlann agus táirgeadh nuachtlitir. Tháinig deireadh le maoiniúchán don ghréasán ó Aicsean Teorainne faoi Chlár Síochána II i Lúnasa 2008. D'fhaomh an Bord maoiniúchán go leanfaí ar aghaidh le tacaíocht chun an gréasán a éascú i ndiaidh Lúnasa amach sa bhliain 2009. Spreagann an gréasán forbairt na fiontraíochta i measc na mban agus cuireann sé an gréasánú ar mhaithe le gnó chun cinn chomh maith le feabhsú ar scileanna.

Clár Trasdula Gnó

Ritheadh an Clár Trasdula Gnó ó Dheireadh Fómhair 2005 go dtí Meitheamh 2008, agus fuarthas maoiniúchán ó Aicsean Teorainne faoi Chlár um Shíochána II. Sholáthair an Clár cúnamh do bhreis is 120 gnó i réimsí cosúil le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcustaiméirí/solathraithe a aithint i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann agus san Eoraip; conas díriú ar chustaiméirí nua agus ar chustaiméirí atá ann cheana féin ar bhealach níos éifeachtaí; coir phoist a bhainistiú ar bhealach rathúil; bunachair shonraí a ghiniúint agus taighde ar riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag custaiméirí.

Bhain ceann d'fheidhmeanna deiridh an Chláir le himeacht mór trasteorann a eagrú i Meitheamh 2008 lenar tugadh daoine ón saol gnó ón Tuaisceart agus ón Deisceart le chéile d'fhonn is go méadófaí trádáil, comhfhiontair agus cineálacha eile comhoibre.

Deontais a Íocadh in 2008

Tá liosta deontas a d'íoc an Bord in 2008 ar fáil thíos.

Deontais Chaipitil

Faighteoir Deontais	**Earnáil**	**Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)**	**Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€)**	**Iomlán (€)**
AOL Engineering Teo.	Beachtdéantúsaíocht Pháirteanna Meaisínithe	14,000	14,000	28,000
DF Pharma	Déantúsaíocht Ábhar Plaisteach	1816	0	1816
AMG Garage Doors	Seirbhís Suiteála Saindeartha	6,500		6,500
DBX Communications Teo.	Córais Chlosamhairc	6,678	3,339	10,017
Denise Cassidy	Haitéireacht	734		734
Easkey Precision Teo.	Beachtinnealtóireacht	9,072	4,885	13,957
Firefly Teo.	Déantúsaíocht Ortótaice	1,591	857	2,448
Gail Wall – The Fairy Cake	Báicéireacht/Milseogra	10,800		10,800
Liquid Gold Teo.	Cártaí Beannachta Idirlín	3,000		3,000
Michael Budd Gabha	Gabha	3,600		3,600
Moygara Sands Teo.	Tochailt Ghainimh	47,250	27,750	75,000
Phillip Duffy	Athchúrsáil Amhantair	3,613	1,881	5,494
Usher Aviation Teo.	Cothabháil & Comhairliúchán Eitlíochta	8,549	4,604	13,153
Verus Precision Teo.	Soláthar Seirbhíse Méadreolaíochta & *Moldflow*	29,784	19,855	49,639

Deontais Fhostaíochta

Faighteoir Deontais	Earnáil	Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)	Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€)	Iomlán (€)
A.T.S. Teo.	Soláthar Saineolais um Uathoibriú	9,800	4,200	14,000
Engineering Documentation Teo.	Seirbhísí Tógála Digiteacha Soláthar Cáipéisíochta	10,000	1,250	11,250
Inland Inflatable Service Teo.	Deisiúcháin, Seirbhísiú & Sainoiriúnú bád inséidte & leath-chrua	11,250		11,250
Just Scan Teo.	Réitigh maidir le Pointí Díolacháin Leictreonaigh a Fhorbairt & a Dhíol	2,625	1,125	3,750
Lynda Gault Ceramics	Potadóireacht /Ceirmeacht	2,450	1,050	3,500
Noel Johnston - Computerbits	Trealamh Forimeallach Ríomhairí a Dhíol ar-líne	3,750		3,750
R & M Solar Energy Ireland Teo.	Córais Ghrianfhuinnimh	7,500		7,500
Samuel Kress	Táirgí Adhmaid	3,750		3,750
Seatrawl Teo.	Táirgí Spárála Fuinnimh a Dhearadh & a Fhorbairt	2,500	1,250	3,750
Technical-Ideas.com Teo.	Táirgí Bogearraí dírithe ar an Margadh Sláinte a Fhorbairt & a Dhíol	2,250	1,500	3,750
Usher Aviation Teo.	Cothabháil & Comhairliúchán Eitlíochta	7,425	3,325	10,750

Deontais le haghaidh Staidéar Indéantachta

Faighteoir Deontais	Earnáil	Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)	Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€)	Iomlán (€)
Ana Faye	Málaí láimhe Saindeartha a Dhearadh & a Dhíol	5,365		5,365
Brian & Lindy O'Hara	Táirgeacht Fiafheola	4,210		4,210
Epona Biotech Teo.	Táirgí Sláinte Eachaí a Fhorbairt	5,523		5,523
Jason Ruane	Táirge Bainistíochta Réadmhaoine a Fhorbairt	4,905		4,905
Jethro Murphy	Córas Áirithinte & Léirmheasa ar-líne a Fhorbairt	5,500		5,500
Liquid Gold Teo.	Cártaí Beannachta Idirlín	6,350		6,350
Paul Rooney	Córas Ballaí Cláir Modúlacha a Fhorbairt do Láithreáin Fhorbraíochta	6,350		6,350
Robbie Foley	Uirlisí a Dhearadh chun cabhrú le Carthannachtaí feidhmíocht a fheabhsú ó thaobh cúrsaí airgeadais	5,000		5,000
Seatrawl Teo.	Táirge Spárála Fuinnimh a Dhearadh & a Fhorbairt	4,204		4,204

Sligo County Enterprise Board

Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo.
Ionad Forbartha Shligigh
Bóthar Cleveragh
Sligeach

Teil: 071 9144779 Faics: 071 9146793

r-phost: info@sligoenterprise.ie
láithreán gréasáin: www.sligoenterprise.ie

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Bhord na Stiúrthóirí i leith na tréimhse 1ú Eanáir 2008 go dtí 31ú Nollaig 2008

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS

***Clár**:*

		Leathanach
1.	*Ballraíocht an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta*	*2 - 3*
2.	*Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráiteas um Fhreagrachtaí Stiúrthóirí*	*4 - 5*
3.	*Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais*	*6 - 7*
4.	*Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*	
5.	*Ráiteas um Bheartais Chuntasaíochta*	*9 - 10*
6.	*Cuntas Ioncaim agus Caiteachais*	*11*
7.	*Clár Comhardaithe*	*12*
8.	*Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais*	*13 - 20*

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Comhaltaí an Bhoird

An Chomhairle Áitiúil

Comhairleoir Albert Higgins	Comhairle Chontae Shligigh
Comhairleoir Jude Devins	Comhairle Chontae Shligigh
Comhairleoir Declan Bree	Comhairle Chontae Shligigh
Comhairleoir Ita Fox	Comhairle Chontae Shligigh

Gníomhaireachtaí Stáit

Dorothy Clarke, Uas. (D'éirigh as 04/06/08)	Stiúrthóir Pobail & Fiontair
Rita McNulty, Uas. (Ceapadh 04/06/08)	Stiúrthóir Pobail & Fiontair
An tUas. Michael McGlynn	FÁS
Carole Brenan, Uas. (Ceapadh 20/02/08)	Fiontraíocht Éireann
Síle Haran, Uas.	Fóram um Shligeach a Mhargú
An tUas. Paul McLoone (D'éirigh as 28/02/08)	Fáilte an Iarthuaiscirt

Comhpháirtithe Sóisialta

An tUas. Michael Farrell	Cumann Eagrais na gComharchumann in Éirinn
An tUas. Tom Kenny	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann/Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
An tUas. Declan Lavin	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann/Macra na Feirme
An tUas. Francis Brannigan	Comhdháil Cheardchumann na hÉireann

Ginearálta

Comhairleoir Gerry Mullaney	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Shligigh
An tUas. Padraig Branley	Earnáil Phríobháideach

Coiste Meastóireachta

An tUas. Brian Kelly	Comharchumann Fheirmeoirí Chonnacht Thuaidh
Jill Timoney, Uas. (D'éirigh as 22/09/08)	Banc na hÉireann
An tUas. Bernard Waldron (Ceapadh 11/11/08)	Banc na hÉireann
An tUas. Billy Somerville	An Earnáil Phríobháideach
Maeve Conaghan, Uas. (D'éirigh as 20/02/2008)	Fiontraíocht Éireann
An tUas. Gerry O'Brien (Ceapadh 20/02/2008)	Fiontraíocht Éireann
An tUas. Seamus Concannon (D'éirigh as 15/04/2008)	Comhairle Chontae Shligigh
An tUas. Tom Kilfeather (Ceapadh 3/05/2008)	Comhairle Chontae Shligigh
An tUas. Michael Quigley	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Shligigh

Rúnaíocht

John Reilly, Príomhfheidhmeannach
Liam Kiely, Príomhfheidhmeannach Cúnta
Stephen Walshe, Feidhmeannach Gnó
Mary Burns, Oifigeach Cléireachais

Rúnaí	*John Reilly*
Príomhfheidhmeannach	*John Reilly*
Oifig Chláraithe	*Ionad Forbartha Shligigh* *Bóthar Cleveragh,* *Sligeach.*

Uimh. Chlárúcháin na Cuideachta: *233514*

Iniúchóirí	*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste* *Áras an Státchiste* *Caisleán Bhaile Átha Cliath* *Baile Átha Cliath 2*
Baincéirí	*Banc na hÉireann* *Sráid Stiofán* *Sligeach*
Aturnaetha	*Aturnaetha Hegarty agus Armstrong* *Teach na Mílaoise* *Sráid Stiofá,* *Sligeach.*

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 i láthair.

Príomhghníomhaíocht
Bunaíodh Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo. in 1993, agus tá sé cómhaoinithe ag an Rialtas agus ag an Aontas Eorpach faoi Chlár Chistí Struchtúracha na hÉireann an AE 2007-2013.

Soláthraíonn an Bord cúnamh deontais agus tacaíocht nach tacaíocht airgeadais é i dtreo tionscadal eacnamaíochta ar mhionscála a ghineann poist inbhuanaithe nua. Tugann an Bord tacaíocht le bonneagar feabhsaithe eacnamaíochta a fhorbairt ag leibhéal áitiúil freisin agus oibríonn sé go dlúth le gníomhaireachtaí eile maidir leis seo.

Torthaí agus Díbhinní
Tá na torthaí don bhliain leagtha amach ar leathanach 11-21.

Sláinte agus Sábháilteacht Fostaithe
Tá sé ina bheartas ag an gcuideachta sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú trí áit agus córas sábháilte oibre a choinneáil ar bun. Tá an beartas seo bunaithe ar cheanglais reachtaíochta fostaíochta arna gcuimsiú san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Imeachtaí a Tharla Tar Éis an Chláir Chomhardaithe
Níl aon ábhair nó chúinsí tagtha chun cinn ó dheireadh na tréimhse airgeadais a chuaigh i bhfeidhm nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go suntasach ar oibriúcháin na cuideachta, ar thorthaí na n-oibriúchán sin nó ar an mbail atá ar ghnóthaí na cuideachta i mblianta airgeadais tar éis na tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2008.

Stiúrthóirí
Tá stiúrthóirí na cuideachta leagtha amach ar leathanach 2.

Iniúchóirí
Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as an mBord a iniúchadh de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Ráiteas um Fhreagrachtaí Stiúrthóirí
Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais, a thugann léargas fíorcheart ar an mbail atá ar ghnóthaí na cuideachta agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas don bhliain sin, a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhealach leanúnach.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- na ráitis a ullmhú ar an mbonn gur gnóthas leantach atá i gceist ach amháin sa chás go mbíonn an bonn sin míchuí.
- rá ar leanadh caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta, ach aon uair nár cloíodh leo go hábhartha a bheith nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Bíonn na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtaíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith riocht na cuideachta ó thaobh cúrsaí airgeadais, agus le cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006. Bíonn siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh le calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath dá bharr sin.

Leabhair Chuntais
Lena chinntiú go gcoinnítear leabhair chuntais agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, d'fhostaigh an chuideachta seirbhísí gnólachta cuntasóirí cáilithe agus choinnigh sí córais chuntasaíochta chuí ar bun. Tá na leabhair chuntais lonnaithe ag oifig chláraithe na cuideachta.

_____
Cathaoirleach

_____
Stiúrthóir

RÁITEAS AR AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais
Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta, admhálaim ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfeidhmítear agus go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais ar bun.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta i gceart, agus go mbítear ag teacht roimh earráidí nó mhírialtachtaí ábhartha nó go mbrathfaí go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe
Tá bearta déanta ag an mBord le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí

- fhreagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh teipeanna suntasacha ó thaobh rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhartha ceartaitheacha cuí a chinntiú.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus le meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin trí

- cineál, fairsingeacht agus impleacht ó thaobh cúrsaí airgeadais, a bhaineann le rioscaí atá roimh an gcomhlacht, a aithint, lena n-áirítear fairsingeacht agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- a dhóichí go dtarlóidh rioscaí aitheanta, a mheasúnú;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta leis na rioscaí a tharlaíonn, a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú, i gcomparáid leis an sochar a fhaightear dá mbarr.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dhealú, agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe, cuimsíonn sé:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí athbhreithniú air agus a bhíonn á chomhaontú acu;
- athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais, a thugann feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán le fios;
- socrú targaidí chun feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus nithe nach é, a thomhas;
- treoirlínte um rialú infheistíochta caiptiúla atá sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla ó thaobh mar a bhainistítear tionscadail.

Tá feidhm um iniúchóireacht inmheánach forbartha ag Bord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta a chomhlíonann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Treoraíonn anailís ar an riosca a bhfuil an comhlachta nochtaithe dó, obair na hiniúchoireachta inmheánaí, agus bíonn pleananna bliantúla um iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Ceadaíonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar riosca agus na pleananna um iniúchóireacht inmheánach agus faomhann Bord na Stiúrthóirí iad. Soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht inmheánach iniúchóireachta don bhord ar bhonn bliantúil ar a laghad. Bíonn tuairim an Iniúchóra

Inmheánaigh ar dhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais san áireamh sa tuarascáil.

Treoraíonn obair an iniúchóra inmheánaigh an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, faoi mar a threoraíonn an Coiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta, a bhfuil freagracht orthu as an gcreatlach um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, agus tráchtnótaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athreithniú Bliantúil ar Rialuithe
Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais i gcomhair 2005.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

_____
Cathaoirleach

Dar Dáta: _____

RÁITEAS UM BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. **Bonn ar a nDearnadh an Obair Chuntasaíochta**
Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi mhodh cuntasaíochta na bhfabhruithe, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais. Téitear le Caighdeáin um Thuairisceoireacht Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. **Sócmhainní Seasta agus Luachlaghdú**
Cuirtear Sócmhainní Seasta in iúl ar a gcostas nó luacháil stairiúil lúide luachlaghdú carntha.

Cuirtear luachlaghdú de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn dronlíneach, ar na rátaí arna leagan amach thíos, ionas go ndíscríobhfar na sócmhainní, arna gcoigeartú ó thaobh an luach iarmharach measta a bheidh orthu, thar an achar ama a bheifí ag súil go mbeadh úsáid leo.

Troscán	12½%
Trealamh	20%

3. **Deontais ó Fhiontraíocht Éireann**
Tugtar cuntas i ndeontais ó Fhiontraíocht Éireann ar bhonn fabhruithe.

4. **Deontais Iníoctha**
Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn coinníollacha ráite comhlíonta acu siúd dá dtugtar deontais.

5. **Cuntas Caipitiúil**
Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamhamúchta an ioncaim ar baineadh úsáid as chun críocha caipitiúla.

6. **Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann (*IFI*)**
Chuaigh an Bord isteach i gcomhghuaillíocht straitéiseach leis an *IFI* chun raon tacaí a sholáthar d'fhiontair nua agus d'fhiontair atá ag leathnú san earnáil mhicrea-ghnó. Tá cuspóirí an chláir aitheanta agus curtha i gcatagóirí faoi fho-chláir mar seo a leanas:

- Margaíocht
- Tacaíocht Riaracháin
- Tionscnaimh Oiliúna

7. **Ioncam Iarchurtha**
Féadfaidh Cúnamh In-aisíoctha bheith i bhfoirm deontas nó infheistíochtaí atá le híoc ar ais i Scaireanna Tosaíochta nó Gnáthscaireanna. Féadfar úsáid a bhaint as suimeanna a fhaightear, lena n-áirítear aon ús nó ghnóthachain, chun tuilleadh íocaíochtaí a dhéanamh faoi Bheart 1. Toisc go mbraitheann aisíocaíochtaí ar fheidhmíocht an fhiontair, ní chuirtear iad san áireamh ach amháin nuair a fhaightear iad. Cuirtear aitheantas a thabharfaí ar fháltais dá leithéid ar athló go dtí go n-athleithdháiltear iad mar chaiteachas bhreise faoi Bheart 1.

8. **Tionscnamh *Mná i mbun Gnó***

Tá an Tionscnamh *Mná i mbun Gnó* maoinithe faoi Chlár Bhainistiú ar Fhorbairt Cheantair / na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta de chuid an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas.

9. ***Tradelinks***

Clár forbartha gnó is ea *Tradelinks* atá deartha chun cabhrú leis an earnáil mhicrifhiontraíochta trasna chontaetha na Teorann agus Thuaisceart Éireann, mar atá, Liatroim, Muineachán, an Cabhán, Lú, Sligeach agus Dún na nGall. Tionscnamh comhpháirtíochta is ea *Tradelinks* idir *Enterprise NI*, gréasán na nGníomhaireachtaí Fiontar áitiúla, agus Boird Fiontar Chontaetha Liatroma, Mhuineacháin, an Chabháin, Lú, Shligigh agus Dhún na nGall, agus tacaíonn clár *Interreg IIIA* an AE d'Éirinn/Thuaisceart Éireann leis chomh maith le *Invest NI* agus an Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann.

10. **Aoiliúntas agus FRS17: Pinsin**

Foráiltear le hAlt 10 (4) (g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 go bhféadfaidh Boird Fiontar Contae pearsanra (lena n-áirítear príomhfheidhmeannach) a fhostú ar pé bealach agus téarmaí arna bhfaomhadh ag an Aire (le toiliú an Aire Airgeadais) de réir mar atá inmhianaithe nó riachtanach dar leis an mBord lena chuspóirí a thabhairt ar aghaidh.

D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, go dtabharfaí Scéimeanna Aoisliúntais agus Scéimeanna Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí gaolmhara isteach don Bhord. Tugadh Scéimeanna Aoisliúntais isteach d'fhoireann an Bhoird in 2008 agus ar feitheamh iad a bheith faofa go foirmiúil, d'údaraigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú, bunaithe ar an Scéim Aoisliúntais Eiseamlárach do Státseirbhísigh, ar bhonn riaracháin. Feidhmítear an scéim ar bhonn "íoc mar a úsáidtear", rud a chiallaíonn nach ndéantar sochair a réamh-mhaoiniú trí ranníocaíochtaí a thabhairt do chiste ar leithligh atá faoi rialú iontaobhaithe.

Is éard atá i gceist leis na socruithe ná go n-íoctar ranníocaíochtaí fostaithe le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus go gcuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cistí ar fáil don Bhord trí Fhiontraíocht Éireann, le costas na sochar a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

Faoi láthair, tá an Roinn ag cuimhneamh ar an bhféidearthacht ó thaobh na scéimeanna a athstruchtúrú go mbeidh siad ina scéimeanna lena gcuimseofar na Boird Fiontar Contae ar fad.

Ar feitheamh na neamhchinnteachtaí seo faoi na scéimeanna a bheith réitithe, níor chuir an Bord forálacha FRS17 i ngníomh maidir le scéim shochair shainithe a nochtadh.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008

	Nótaí	2007 €	2007 €
Ioncam			
Deontais ó Fhiontraíocht Éireann	1	960,486	1,000,562
Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann	13	-	184
Mná i mbun Gnó	5	40,148	80,100
Tradelinks	6	-	36,770
Cúnamh le hÍoc Ar Ais	3	58,141	128,394
Ioncam Eile		22,525	17,340
		1,081,300	1,263,350
Aistriú (chuig)/ ó Chuntas Caipitiúil	9	2,576	7,021
Iomlán		1,083,876	1,270,371
Caiteachas			
Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais	2	348,565	423,450
Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta	4	257,704	290,136
Riarachán /*First Stop Shop*	7	437,459	439,731
Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann	13	-	184
Mná i mbun Gnó	5	40,148	80,100
Tradelinks	6	-	36,770
Iomlán		1,083,876	1,270,371
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-
		======	======

Níl aon ghnóthachain nó chaillteanais sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimpi sin seachas iad siúd lenar pléadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann na torthaí don bhliain le hoibriúcháin leanúnacha. Tá an ráiteas um bheartais chuntasaíochta, in éineacht le nótaí 1 go dtí 15, ina chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathaoirleach Stiúrthóir Príomhfheidhmeannach

Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31ú Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	8	14,955	17,531
Sócmhainní Reatha			
Deontais ó Fhiontraíocht Éireann atá dlite		24,030	22,815
Mná i mbun Gnó	5	5,809	31,115
Fiachóirí		2,934	2,908
Banc agus Airgead Tirim		70,927	29,323
		103,700	86,161
Dliteanais Reatha			
Suimeanna Airgid ón gCiste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann - Roimh Ré	13	(28,276)	(28,276)
Tradelinks	6	(15,719)	(15,719)
Creidiúnaithe agus fabhruithe		(23,856)	(15,311)
Ioncam Iarchurtha	3	(35,849)	(26,855)
		103,700	86,161
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)		-	-
Glansócmhainní		14,955	17,531
Arna Airgeadú ag:			
Cuntas caipitiúil	9	14,955	17,531
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		-	-
		14,955	17,531

Tá an ráiteas um bheartais chuntasaíochta, in éineacht le nótaí 1 go dtí 15, ina chuid de na Ráitis Airgeadais.

Cathaoirleach Stiúrthóir Príomhfheidhmeannach

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Maoiniúchán agus caiteachas an bhoird

Fiontar Áitiúil

Forálann Alt 10(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995, go n-íocfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta deontais leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais thar ceann an Aire. Feidhmítear caiteachas an Bhoird ar bhearta faoin bhFo-Chlár Fiontair Áitiúil, Tosaíocht na Nuála agus Gheilleagar an Eolais, de Chlár Oibriúcháin Réigiúnach na Teorainne, Lár na Tíre agus an Iarthair 2007-2013.

Is iad seo a leanas na bearta:

Beart 1 - Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

2. Cúnamh roghnaíoch airgeadais

Déanann an Bord tairiscintí i leith cúnaimh deontais – deontais, má ghlactar leo, a fhanann bailí mar ghealltanas de chuid an Bhoird ar feadh tréimhse sonraithe nó sna cúinsí arna sonrú agus iad á bhfaomhadh. Ba é suim an mhaoiniúcháin arna sholáthar ag an Roinn le Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais a íoc in 2008 ná €295,424. Is mar seo a leanas a d'eascair gealltanais an Bhoird a bhí fós le comhlíonadh ag an 31 Nollaig 2008:

	Deontais	Cúnamh Deontais le hÍoc Ar Ais	Iomlán
	€	€	€
Gealltanais ag an 1 Eanáir	73,900	78,613	152,513
Oiriúnú	50,097	(50,097)	0
	123,997	28,516	152,513
Suimeanna arna bhFaomhadh	344,350	141,649	485,999
	468,347	170,165	638,512
Díghealltа			
- Suimeanna arna bhFaomhadh Roimh 2008	(63,093)	(14,127)	(77,220)
- Suimeanna arna bhFaomhadh in 2008	(25,330)	(5,681)	(31,011)
	(88,423)	(19,808)	(108,231)
Caiteachas	(252,594)	(95,971)	(348,565)
Gealltanais ag an 31 Nollaig	127,330	54,386	181,716
	======	=======	======

Cuimsíonn suim €348,565 an chaiteachais suim €224,158 de Dheontais Chaipitiúla, suim €77,000 de Dheontais Fostaíochta agus suim €47,407 de Dheontais Indéantachta.

Is mar seo a leanas a chuathas isteach i ngealltanais a bhí fós le comhlíonadh ag an 31 Nollaig 2008:

	€
Roimh an 31 Nollaig 2007	-
I ndiaidh an 1 Eanáir 2008	181,716

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

3. Cúnamh Deontais In-Aisíoctha

(a) Infheistíochtaí

Ba é an tsuim a infheistíodh trí ghnáthscaireanna agus/nó scaireanna tosaíochta ná €0 ag 31 Nollaig 2008.

Ní raibh aon infheistíochtaí ag an mBord ag an 31 Nollaig 2008. Fuasclaíodh €2,833 de scaireanna tosaíochta in 2008.

Cuideachta	Cineál Scair	2008 €	2007 €
SL Controls Teo.	Scair Tosaíochta	-	2,833

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí agus sa chás go measann sé nach dócha go n-aisíocfar an infheistíocht, déanfaidh an Bord an cinneadh an tsuim sin a dhíscríobh. Níor díscríobhaíodh aon infheistíochtaí in 2008.

(b) Cúnamh Deontais le hÍoc Ar Ais

Toisc go mbraitheann aisíocaíocht ar a fheabhas is a éiríonn leis na fiontair, ní chuirtear an tsuim atá amuigh san áireamh mar shócmhainn ar an gclár comhardaithe. Cuirtear aisíocaíochtaí a fhaightear san áireamh ar bhonn airgid thirim. Féadfaidh an Bord Fiontar úsáid a bhaint as fáltais den sórt sin chun tuilleadh deontas a mhaoiniú.

	2008 €	2007 €
Iarmhéid an Eanáir	263,809	237,421
Arna eisiúint sa bhliain	95,971	83,827
Arna íoc ar ais sa bhliain	(67,135)	(57,439)
Iarmhéid an 31 Nollaig	292,645	263,809
Dlite faoi cheann 12 mhí	74,365	85,522
Dlite tar éis 12 mhí	218,280	178,287

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus sa chás go measann sé nach dócha go ndéanfar aisíocaíocht, déanfaidh an Bord an cinneadh an tsuim sin a dhíscríobh. Níor díscríobhaíodh aon infheistíochtaí in 2008.

(c) Mar a Ath-leithdháileadh Fáltais de Chúnamh In-aisíoctha

	2008 €	2007 €
Iarmhéid na bhFáltas de Chúnamh In-aisíoctha ag 1 Eanáir	26,855	97,810
Íocaíochtaí Cúnaimh In-aisíoctha arna dTabhairt ar Aghaidh ó Ioncam Iarchurtha	(58,141)	(128,394)
Fáltais de Chúnamh In-aisíoctha: Aisíocaíochtaí	67,135	57,439
Iarmhéid na bhFáltas de Chúnamh In-Aisíoctha ar láimh an 31 Nollaig	35,849	26,855

4. Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta

	2008 €	2007 €
Cláir Fhorbartha Bainistíochta	0	0
Oiliúint	102,662	115,110
Meantóireacht	85,921	57,077
Oideachas Fiontraíochta	14,898	16,015
An Fhiontraíocht a chur chun cinn	17,013	23,181
Eile	37,210	78,753
	257,704	290,136

5. Tionscnamh *Mná i mbun Gnó*

	2008 €	2007 €
Iarmhéid an 1 Eanáir	(31,115)	2,986
Fáltais:		
- Ar airleacan ó Shíocháin agus Athmhuintearas	65,454	45,999
	34,339	48,985
Caiteachas ar Ghníomhartha an Tionscnaimh		
Comhairliúchán	(34,500)	(79,477)
Meastóireacht	(5,020)	-
Riarachán	(628)	(623)
	(40,148)	(80,100)
Iarmhéid an 31 Nollaig	(5,809)	(31,115)
	======	======

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

6. *Tradelinks*

	2008 €	2007 €
Iarmhéid an 1 Eanáir	15,719	(24,536)
Fáltais	-	77,025
	15,719	52,489
Caiteachas ar Ghníomhartha an Tionscnaimh		
Comhairliúchán	-	(36,770)
Riarachán	-	-
	-	(36,770)
Iarmhéid an 31 Nollaig	15,719	15,719

7. Costais riaracháin /*First Stop Shop*

		2008 €	2007 €
Turastail	Nóta 11	313,117	331,819
Speansais taistil		18,623	17,404
Lóistín		36,466	36,466
Speansais Oifige		37,697	25,785
Táillí Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste		6,800	6,800
Táillí Cuntasaíochta		10,852	5,324
Árachas		5,830	7,178
Luachlaghdú		8,074	8,955
		437,459	439,731

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

8. Sócmhainní Seasta

	Troscán	Trealamh	Iomlán
	€	€	€
Costas/Luacháil			
Iarmhéid an 1 Eanáir, 2008	8,821	88,283	97,104
Breiseanna	169	5,329	5,498
Diúscairtí	-	(12,455)	(12,455)
Iarmhéid an 31 Nollaig, 2008	8,990	81,157	90,147
	=====	======	======
Luachlaghdú Carntha			79,573
Iarmhéid an 1 Eanáir, 2008	5,881	73,692	8,074
Táille arna ghearradh don bhliain	529	7,545	(12,455)
Diúscairtí	-	(12,455)	75,192
Iarmhéid an 31 Nollaig, 2008	6,410	68,782	======
	=====	======	14,955
Leabharluach glan an 31 Nollaig 2008	2,580	12,375	
Leabharluach glan an 31 Eanáir 2008	2,940	14,591	17,531

9. Cuntas Caipitiúil

	2008	2007
	€	€
Iarmhéid an 1 Eanáir	17,531	24,552
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí arna leithdháileadh le sócmhainní seasta a fháil	5,498	1,934
Suim arna hamúchadh de réir mar a laghdaíodh luach sócmhainní	(8,074)	(8,955)
	(2,576)	(7,021)
Iarmhéid an 31Nollaig	14,955	17,531
	=====	=====

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

10. Cánachas

Níl aon fhoráil déanta le haghaidh cánachais sna ráitis airgeadais.

11. Fostaithe agus luach saothair

Ba é €313,117 suim iomlán chostais luach saothair an Bhoird, atá curtha de mhuirear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

	2007 €	2008 €
Riarachán	313,117	331,819

Ba é meánlíon na foirne i rith na tréimhse ná ceathrar. Bhí an Príomhfheidhmeannach ar iasacht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an 30 Méan Fómhair, 2008. Tá duine den fhoireann ar iasacht ó Chomhairle Chontae Shligigh agus bhí an bheirt bhall eile den fhoireann fostaithe san earnáil phríobháideach ar dtús. Cé go dtuairiscítear na costais luacha saothair ar fad mar riarachán, soláthraíonn fostaithe an Bhoird Fiontar Contae ról leanúnach comhairle agus tacaíochta forbartha d'fhiontair bheaga.

12. Aoisliúntas

D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtabharfadh gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach Scéimeanna Aoisliúntais agus Scéimeanna Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí gaolmhara isteach, le tosú an 2 Aibreán 2008. Tugadh an rogha d'fhostaithe uile an Bhoird dul isteach sa scéim ar an dáta sin. Roghnaigh trí bhall foirne a bhí incháilithe dul isteach sa scéim seo. Tá eilimint i leith aoisliúntais san áireamh le haisíoc na gcostas tuarastail d'oifigeach amháin atá ar iasacht don Chomhairle.

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

13. Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann (*IFI*

	2008	2007
	€	€
Iarmhéid an 1 Eanáir	28,276	27,620
Fáltais:		
- Fáltais an chláir	-	-
- Táillí / Ús	-	840
	28,276	28,460
Suimeanna arna bhfeidhmiú:		
- Tionscnaimh Oiliúna	-	-
- R-Thrádáil	-	-
- Tacaíocht Riaracháin	-	(184)
- Clár Bia	-	-
	-	(184)
Iarmhéid an 31 Nollaig	28,276	28,276
	=====	=====

14. Leasa Chomhaltaí an Bhoird

Chuaigh an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ndáil le leasanna atá le nochtadh ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbheach ag Comhaltaí an Bhoird.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 19/05/2009.